An Roinn Caiteachais Phoiblí
Sheachadadh PFN agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure
NDP Delivery and Reform

E109/36/07

21 Bealtaine 2024

Ciorclán 05/2024

Treoirnóta
Do gach Aonad Acmhainní Daonna maidir le húsáid Orduithe Eisiata dá bhforáiltear faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004

A Dhuine Uasail,

Cúlra
Leis an *Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004*, a achtaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2004, foráladh do chóras nua chun earcaíocht a cheadúnú laistigh den Státseirbhís agus do bhunú an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (SCP).

Is é SCP an comhlacht láraithe earcaíochta agus roghnúcháin don Státseirbhís agus is féidir dul i dteagmháil leis ag www.publicjobs.ie.

Tá CCSP freagrach as caighdeáin a leagan síos maidir le hearcaíocht agus roghnú (lena n-áirítear ardú céime) agus tá sé de dhualgas air faireachán a dhéanamh ar mar a chomhlíonann gach comhlacht Státseirbhíse na caighdeáin sin. Leagtar amach na caighdeáin earcaíochta agus roghnúcháin sa Chód Cleachtais, arna fhoilsiú ag CCSP, atá ar fáil ag www.cpsa.ie. Foráiltear san Acht d'earcaíocht do phoist sa Státseirbhís le déanamh faoi cheadúnas agus i gcomhréir le Cód Cleachtais CCSP. Déantar foráil sa Chód do na príomhphrionsabail maidir le hionracas agus cothrom na Féinne, roghnú ar bhonn fiúntais agus cur chun feidhme an dea-chleachtais san earcaíocht agus sa roghnúchán.

Eisiaimh ón Acht
Foráiltear leis an Acht freisin do cheapacháin chuig poist áirithe a eisiamh ó fhorálacha an Achta. Clúdaítear poist eisiata go ginearálta le h**Alt 7** agus foráiltear d'eisiamh ceapachán chuig raon post lena n-áirítear:

- sealbhóirí oifige faoin mBunreacht
- ceapachán a dhéanann an tUachtarán
- ceapachán a dhéanann an Rialtas
- ceapachán chuig post mar oifigeach de chuid Thithe an Oireachtais
- ceapachán chuig post mar chomhairleoir speisialta
- ceapachán ar mhaithe le leas an phobail.

Foráiltear le h**Alt 8** d'eisiamh post neamhbhunaithe áirithe sa Státseirbhís le hOrdú arna dheonú ag CCSP. Faoi Alt 8, féadann Roinn/Oifig iarratas a dhéanamh lena n-iarrtar ar CCSP go ndéanfaí post sealadach neamhbhunaithe sonraithe a dhearbhú mar phost eisiata chun críocha an Achta. Ní dhéanfaidh CCSP Ordú den sórt sin ach amháin arna iarraidh sin don údarás atá údaraithe go cuí faoi alt 8(3) den Acht agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (mar atá nuashonraithe le hAcht 2004).

Ní mór do Ranna/Oifigí iarratais ar Orduithe Eisiata a dheonú faoi Alt 8 den Acht a dhéanamh ar líne chuig CCSP. Beartaítear go n-úsáidfí an próiseas eisiaimh nuair is gá earcaíocht a dhéanamh lasmuigh d'fhorálacha an Chóid Cleachtais chun críocha bailí gnó. Nó mór tréimhse an Ordaithe Eisiata a choimeád chomh gairid agus is féidir. As seo amach, ba cheart do Ranna/Oifigí a thabhairt faoi deara nach ndéanfar Orduithe a cheadú do thréimhsí de bhreis ar **sé mhí go dhá mhí dhéag** ach amháin in imthosca teoranta, agus ní dhéanfar amhlaidh ach amháin má thacaíonn iarratas le cás áititheach gnó.

Coinneoidh sealbhóirí ceadúnais CCSP ar an eolas maidir lena ngníomhaíochtaí earcaíochta faoi alt 43(3)(b)(ii) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004.

Tagann an Ciorclán nuashonraithe seo in ionad Chiorclán 37/2007 agus léiríonn sé rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear CCSP.

Marta Alvarez
Príomhoifigeach Cúnta
Earcaíocht Straitéiseach na Státseirbhíse

Treoirlínte maidir le hOrduithe Eisiata a eisiúint

Tá gá le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe sula dtéitear i dteagmháil le CCSP chun a iarraidh air Ordú Eisiata a dhéanamh. Ba cheart do Ranna/Oifigí a thabhairt ar aird, má éilítear Ordú Eisiata chun ceapachán a dhéanamh, níor cheart ***in imthosca ar bith*** an ceapachán sin a dhéanamh ná aon socruithe conarthacha a dhéanamh go dtí go ndéanfar an tOrdú. Ní fhoráiltear faoin Acht d'Ordú Eisiata a eisiúint go cúlghabhálach.

Maidir leis na catagóirí ceapachán ar iarradh Ordú Eisiata ina leith nó a bhféadfaí ceann a iarraidh ina leith, leagtar amach thíos iad agus leagtar amach achoimre ar an nós imeachta lena mbaineann in *Aguisín A*.

1. Ceapacháin de chuid an Aire

Leagtar amach sna **Treoracha maidir le Foireann Oifige Príobháidí Aireachta a Cheapadh** de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe na socruithe is infheidhme maidir le baill foirne oifige príobháidí aireachta a cheapadh chuig poist ar nós Tiománaí Sibhialtach. Tá seirbhís i bpoist den sórt sin ag teacht le téarma oifige an Aire ábhartha agus is cuí go ndéanfar gach ceapachán den sórt sin trí Ordú Eisiata.

Níl gá le hOrdú Eisiata i gcás ceapachán chuig post Comhairleora Speisialta toisc go bhfuil na ceapacháin sin clúdaithe ag an eisiamh ginearálta a fhoráiltear faoi alt 7(1)(e) d'Acht 2004.

2. Sainscileanna Gairmiúla/Teicniúla

Ba cheart go mbeadh Ranna/Oifigí in ann a riachtanais daonchumhachta a phleanáil lena n-áirítear earcaíocht chuig **phoist shealadacha** gan gá dul i muinín an phróisis eisiaimh. I gcoitinne, ba cheart go mbeadh earcaíocht chuig sainphoist shealadacha Ghairmiúla/Theicniúla faoi réir Chód Cleachtais CCSP. Dá réir sin, ní bhreithneoidh CCSP iarratais ar Orduithe chun poist den sórt sin a eisiamh ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, sna cásanna seo a leanas mar shampla:

a) Tá géarghá le ceapachán a dhéanamh sula n-eagrófar comórtas oscailte chun an folúntas a líonadh.

b) Tá cúis bhailí ghnó ann chun iarrthóir rathúil a cheapadh sula gcríochnaítear na seiceálacha réamhfhostaíochta.

c) Tá riachtanas ann post sealadach a líonadh le haghaidh tionscadal gearrthéarmach speisialta nuair nach bhfuil na gnáthnósanna imeachta earcaíochta indéanta i bhfianaise fhad ionchasach an tionscadail nó na sainscileanna a theastaíonn.

Sna cásanna sin, féadfar an próiseas eisiaimh a úsáid ar feadh uastréimhse **sé mhí go dhá mhí dhéag**, ag brath ar an gcás gnó. Ceanglófar ar Ranna/Oifigí a nósanna

imeachta earcaíochta le haghaidh ceapacháin don phost faoi chód cleachtais CCSP a thabhairt chun críche laistigh den tréimhse ama sin. I gcás ina n-eisítear Ordú Eisiata chun ceapachán chuig poist den sórt sin a cheadú, ba chóir don Roinn/Oifig lena mbaineann bearta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go dtarlóidh próiseas earcaíochta, arna sheoladh faoi cheadúnas agus i gcomhréir leis an gCód Cleachtais, sula dtugtar an tréimhse eisiaimh i gcrích.

3. Beartais a Thacaíonn le Teaghlaigh

Le beartais a thacaíonn le teaghlaigh a thabhairt isteach ar fud na státseirbhíse uile, e.g. fostaíocht tréimhse téarma, saoire mháithreachais, etc., tá éileamh ar líon suntasach foirne cléireachais sealadaí dá mbarr. Ba cheart go mbeadh Ranna/Oifigí in ann an t-éileamh dóchúil ar oifigigh chléireachais shealadacha a réamh-mheas ar bhonn bliantúil mar chuid dá bpróiseas pleanála daonchumhachta agus socruithe a dhéanamh chun na baill foirne sin a earcú faoi cheadúnas trí chomórtas oscailte faoi Chód Cleachtais CCSP. Reáchtálann SCP comórtais oscailte chun folúntais le linn téarma a líonadh go tréimhsiúil. Dá réir sin, ní bhreithneoidh CCSP iarratais ar Orduithe chun poist den sórt sin a eisiamh ach amháin i gcúinsí nach bhfuil SCP in ann freagairt don éileamh áitiúil.

4. Taithí Oibre agus Cláir Socrúcháin do Mhic Léinn

Tá sé tábhachtach go mbeadh an próiseas earcaíochta le haghaidh Socrúcháin do Mhic Léinn trédhearcach agus saor ó aon dearcadh gur ann do chlaonadh. Go ginearálta, ba cheart Socrúcháin do Mhic Léinn, seachas iad siúd a chomhlíonann go soiléir riachtanais taithí oibre clár acadúil nó a chumasaíonn píosa sonrach taighde a dhéanamh mar chuid de chlár acadúil, a dhéanamh faoi cheadúnas agus i gcomhréir le Cód Cleachtais CCSP.

Tá gá le hOrdú Eisiata le haghaidh ceapacháin chuig poist mar iad siúd atá clúdaithe leis an gclár WAM (*Willing and Able Mentoring*), clár OWL (*Oireachtas Work Learning*) agus Intéirneachtaí an Lucht Siúil agus na Romach.

5. Ceapacháin a bhaineann leis an Aontas Eorpach

Maidir le ceapacháin áirithe a bhaineann le AE, féadfaidh an Coimisiún AE a éileamh go mbeadh feidhm ag coinníollacha speisialta. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le coinníollacha den sórt sin maidir le tionscadail de chuid AE ina bhfuil gá le cineál ar leith saineolais chun faireachán a dhéanamh ar chaiteachas cláir. Déanfar iarratais ar Orduithe Eisiata sna cásanna sin a mheas ar bhonn an cháis gnó.

6. Cásanna eile

Breithneoidh CCSP iarratais ar Ordú Eisiata a dheonú i gcás ina measann Roinn/Oifig go bhfuil cás gnó bailí ann nuair atá cás ann nach bhfuil clúdaithe thuas. Ba chóir ceadú roimh ré ón Aire Caiteachais Phoiblí, PFN agus Athchóirithe a lorg i ngach cás den sórt sin.

Orduithe atá ann cheana a Athnuachan/a Shíneadh

Ní bhreithneofar iarratais ar athnuachan nó síneadh a chur le hOrduithe Eisiata atá ann cheana ach amháin i gcásanna eisceachtúla i bhfianaise an cháis gnó atá mar

bhonn faoin iarratas. I gcás inarb iomchuí, féadfar an tOrdú a athnuachan nó a fhadú go ceann tréimhse teoranta ama. Ní mór cás gnó a chur isteach le haghaidh athnuachana nó síneadh. Ba chóir do Ranna athbhreithniú a dhéanamh ar na himthosca a bhaineann le poist den sórt sin d'fhonn deireadh a chur de réir a chéile leis na cásanna sin a dteastaíonn Ordú Eisiata uathu go leanúnach, agus ar an gcaoi sin nósanna imeachta earcaíochta rialta a éascú. Ba cheart iarratais ar shíneadh Ordú reatha a dhéanamh chuig CCSP, mí amháin ar a laghad roimh an dáta éaga. **Ní fhéadtar fad a chur le hOrdú Eisiata tar éis an dáta éaga.**

Orduithe Eisiata dulta as feidhm

Orduithe Eisiata a théann as feidhm, ní féidir fad a chur leo, agus ní mór ordú nua arna dhéanamh ag CCSP a chur ina n-ionad. Ba cheart do Ranna/Oifigí a thabhairt dá n-aire nach féidir Ordú Eisiata a shiardhátú.

Scaoileadh chun Bealaigh Féideartha

Chun aon riosca a mhaolú nach ndéanfaí le ceapachán sealadach intéirneach poist bhuana a scaoileadh chun bealaigh, breithníonn an Coimisiún nach mairfeadh socrúcháin den sórt sin níos faide ná **6-12 mhí** de ghnáth agus nárbh í an obair a shanntar ar na daoine a cheaptar gnáthobair laethúil na n-aonad dá gceaptar iad. Tá réamhcheadú ón gCoimisiún ag teastáil le haghaidh gach clár socrúcháin, agus soláthróidh earcaitheoirí cás gnó a thaispeánfaidh nach bhfuil riosca ag baint le haon chlár a bhfuil formheas an Choimisiúin á lorg ina leith go mbeadh scaoileadh chun bealaigh i gceist leis maidir le poist bhuana.

Mise le meas,

John Howlin
Príomhoifigeach
An Rannán um Acmhainní a Chur ar Fáil don tSeirbhís Phoiblí

Aguisín A

Nós Imeachta chun Iarratas a Dhéanamh ar Ordú Eisiata *nó* ar Shíneadh ar Ordú Eisiata atá ann cheana

Tá trí chéim i gceist le hiarratas a dhéanamh ar Ordú Eisiata nó síneadh le hOrdú Eisiata atá ann cheana a iarraidh mar atá leagtha amach thíos:

a) Mura gclúdaítear go sainráite é le socruithe ceadaithe tarmligthe Roinne/Oifige, iarr ceadú don phost ar an Rannóg Vóta Caiteachais ábhartha sa DPENDR.

b) Iarr ceadú ar Aonad Earcaíochta Straitéiseach na Státseirbhíse (AES) chun iarratas a chur isteach chuig CCSP chun an post a líonadh trí Ordú Eisiata.

   Is cuid den Rannán um Acmhainní a Chur ar Fáil don tSeirbhís Phoiblí laistigh den DPENDR é AES agus is féidir teagmháil a dhéanamh leis trí ríomhphost ag csrecruitmentpolicy@per.gov.ie.

c) Faoi réir cheadú AES, cuir iarratas faoi bhráid an CPSA. Is féidir iarratais a dhéanamh ó anseo.

   Tá CCSP suite ag 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773.

Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith san áireamh san iarratas ar fhormheas a chuirtear faoi bhráid AES:

1. teideal an phoist atá le heisiamh,
2. an tréimhse ama (tosach agus deireadh san áireamh) a mbeidh an post le heisiamh lena linn,
3. an cás gnó a thacaíonn leis an iarratas. Ba cheart a áireamh leis sin:
   i. an ról,
   ii. an líon daoine le ceapadh, agus
   iii. cé chomh fada is a mhairfidh an post.
4. Le haghaidh Intéirneachtaí/Socrúcháin Oibre ba cheart duit na nithe seo a leanas a áireamh freisin:
   i. conas a rinneadh an roghnú,
   ii. an tionscnamh/clár a thacaíonn leis an gceapachán, agus
   iii. an obair atá le déanamh.

5. Maidir le sainscileanna/scileanna gairmiúla agus i gcásanna eile áirítear:
    i. conas ar tháinig an post le bheith ann,
    ii. na hiarrachtaí a rinneadh chun an post a líonadh trí ghnáthnósanna imeachta earcaíochta, agus
    iii. na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun an ról a líonadh ar bhonn buan, má tá sé sin ábhartha.
6. cóip den chonradh beartaithe. (Agus conarthaí fostaíochta á ndréachtú, ba chóir do Ranna/Oifigí a bheith aireach ar fhorálacha *Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003* agus ba chóir dóibh féachaint lena chinntiú nach gcruthaítear aon chearta fostaíochta neamhbheartaithe.)

Tar éis do AES an t-iarratas a mheas i gcomhthéacs na dTreoirlínte seo, tabharfaidh sé freagra i scríbhinn don Roinn/Oifig ag tabhairt toiliú an Aire, nuair is cuí, dul ar aghaidh le hiarratas a chur isteach chuig CCSP. Ba cheart an conradh fostaíochta a sholáthar ag an gcéim sin, agus de ghnáth ceadóidh AES é ag an tráth sin freisin. Ina theannta sin, seolfaidh AES cóip den litir cheadaithe chuig CCSP dá dtaifid.

Ansin cuireann an Roinn/Oifig iarrthach a hiarratas faoi bhráid CCSP go n-eiseodh sí Ordú Eisiata don phost sonraithe agus don tréimhse ama ceadaithe. Ba cheart go mbeadh an cás gnó agus cóip den cheadú a fuarthas ó AES san áireamh san iarratas chuig CCSP. Tá sé tábhachtach go seolfaí an t-iarratas in am trátha (tuairim is mí amháin roimh an tráth a bhfuil gá leis) le gur féidir an tOrdú a dhéanamh sula gcuirfear tús leis an tréimhse eisiata.

Níor cheart aon cheapachán a dhéanamh chuig an bpost lena mbaineann go dtí go ndéanann CCSP Ordú.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil an post féin eisiata ón Acht agus ní an duine a cheaptar sa phost. Ciallaíonn sé sin, sa chás go n-éiríonn an post folamh, gur féidir é a líonadh faoin Ordú Eisiata céanna. Nuair a líontar post ar an mbealach sin, níor cheart go sínfí an conradh fostaíochta níos faide ná dáta éaga an Ordaithe Eisiata.